# CEACHT 6.

## CUR SÍOS AR AN CHEACHT

Sa séú ceacht sa mhodúl, an ceann deiridh, fiosrófar na dóigheanna a ndearnadh cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca. Tabharfar breac-chuntas sa cheacht ar dhúshláin an chuimhneacháin, go háirithe fadhbanna an chuimhneacháin phoiblí i bpobal scoilte. Pléifear na tosca a fhágann go bhfuil sé casta cuimhneachán a dhéanamh ar eachtraí 1916. Sa deireadh, amharcfar ar an dóigh a bhféadfaí cuimhneachán a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca anois agus céad bliain imithe ó tharla sé.




| CUSPÓIRÍ AN CHEACHTA | TORTHAÍ AN CHEACHTA |
|---|---|
| 1. Coincheap an 'chuimhneacháin' a thuiscint.<br>2. Cur síos a dhéanamh ar an dóigh ar cuimhníodh ar Éirí Amach na Cásca i spásanna agus imeachtaí poiblí.<br>3. Meáin dhigiteacha a úsáid le tuiscint a léiriú ar na ceisteanna a bhaineann le cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca. | • Bheith ábalta na ceisteanna agus dúshláin a bhaineann le cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca a phlé.<br>• Scileanna TFC a úsáid le tuiscint ar an ábhar a chur in iúl. |

| BILEOGA EOLAIS AGUS TREORACHA | DIGITEACH | BOGEARRAÍ | CRUA-EARRAÍ |
|---|---|---|---|
| • Eochairfhaisnéis Cheacht 6<br>• Scéalchlár Físeagar-thóireachta<br>• Leathán Dearaidh d'Íomháú Digiteach | • Áiseanna Breise Molta<br>• Mapáil idirghníomhach ar líne: http://www.zeemaps.com/ | • Bogearraí Físeagar-thóireachta m.sh. Movie Maker<br>• Bogearraí Eagarthóireacht Íomhánna m.sh GIMP | • Clár Bán<br>• Ríomhairí / ríomhairí glúine |

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories



| GNÍOMHAÍOCHT | TORTHAÍ FOGHLAMA |
|---|---|
| **Tús** – Seinn ***Áiseanna Breise Molta 1*** a thaispeánann gearrthóg den dóigh a ndearnadh cuimhneachán ar 50 bliain ó Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath. | Cuireann an ghearrthóg físe sampla ar fáil de chuimhneachán oifigiúil stáit ar an Éirí Amach. Spreagfar na daltaí le machnamh a dhéanamh ar shiombailí, na daoine a bhí i láthair agus ton na hócáide. Úsáidfidh múinteoirí an ghearrthóg le nádúr cuimhneachán oifigiúil poiblí den chineál a phlé. |
| **Beidh rogha gníomhaíochtaí ag múinteoirí ón Eochairfhaisnéis leis na daltaí a spreagadh.**<br>Thiocfadh le múinteoirí an rang a scoilt ina ghrúpaí agus iarraidh ar na daltaí na pointí plé a úsáid le gnéithe den Eochairfhaisnéis a phlé. Ansin roinnfidh na daltaí na rudaí a phléigh siad leis an rang.<br><br>De rogha air sin, thiocfadh le múinteoirí na Ceisteanna/Tascanna a úsáid do phlé grúpa nó le heolas daoine aonair a thástáil.<br><br>Spreagann An Tasc Malartach na daltaí le bheith ag obair ina bpéirí le smaoineamh ar dhearcthaí difriúla agus cuimhneachán á dhéanamh ar eachtra. Cuardóidh na daltaí samplaí de chuimhneachán agus de chur i gcoinne cuimhneacháin, agus ansin cuirfidh siad a smaointe le chéile ar mheabhairmhapa a mhalartóidh siad le péire eile daltaí ionas go dtig leo bheith páirteach i bplé faoin ábhar.<br><br>****Más féidir, lig do na daltaí an topaic a fhiosrú ar an idirlíon – áiseanna breise molta/inneall cuardaigh.*** | Tá an Eochairfhaisnéis ceaptha an fhaisnéis sa topaic a chlúdach agus na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh.<br><br>Tá na ceisteanna plé ar an Eochairfhaisnéis ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh leis an idirghníomhaíocht agus le C&F.<br><br>Tá na ceisteanna ar an Eochairfhaisnéis ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh le tuiscint na ndaltaí ar an fhaisnéis.<br><br>Ba cheart go dtabharfadh na gníomhaíochtaí éagsúla deiseanna foghlama do na daltaí agus iad ag idirghníomhú. Déanfaidh na gníomhaíochtaí eolas a dhaingniú agus plé a spreagadh fosta. |
| **Plé Iomlánach** - Críochnaigh an ceacht le plé ar thábhacht an chuimhneacháin. Spreag na daltaí le gnéithe deimhneacha agus diúltacha a aimsiú a bhaineann le cuimhneachán a dhéanamh ar an am atá thart agus leis na modhanna a dhéantar sin. | Cuirfidh an plé iomlánach béim ar an dóigh agus ar an fháth a roghnaíonn muid cuimhneachán a dhéanamh agus na fothorthaí a d'fhéadfadh a bheith leis seo. |

EOCHAIR
FHAISNÉIS
**6.**

# CUIMHNEACHÁN

**1.)))PLÉ**
**Cad é an difear idir cuimhne phríobháideach agus cuimhneachán poiblí?**

**Is é an rud is cuimhneachán ann cuimhne phoiblí ar an am atá thart. Is féidir an téarma cuimhneachán a úsáid le cur síos ar réada, léirithe nó deasghnátha. Cuimsíonn réada comórtha dealbha, cuimhneacháin, pictiúir agus saothair eile amharc-ealaíne. Cuimsíonn léirithe agus deasghnátha comórtha paráidí, drámaí, amhráin, óráidí nó athachtú ar eachtraí ón stair. Cé go mbaineann an cuimhneachán go minic leis na mairbh a chaoineadh, nó le honóir a thabhairt dóibh, ní hionann é agus an stair mar go mbaineann sé leis an tábhacht atá ag an am atá thart do dhaoine san am i láthair in áit iarracht a dhéanamh an t-am atá thart a thuiscint ann féin.**

Ní hionann an taithí atá ag daoine éagsúla ar eachtraí agus ní hionann an tuiscint atá acu ar na heachtraí sin; is beag an t-iontas, mar sin, gur mhaith le daoine agus grúpaí cuimhneamh ar rudaí difriúla, nó cuimhneamh orthu ar dhóigheanna difriúla. Fágann seo go mbaineann idir shaincheisteanna praiticiúla agus saincheisteanna eiticiúla leis an chuimhneachán. Is amhlaidh fosta go gcuimhnítear ar na heachtraí céanna ar dhóigheanna difriúla ag amanna difriúla, rud a léiríonn go mbíonn luachanna na sochaí ag athrú i rith an ama.

Ní hamháin go mbaineann an cuimhneachán le cuimhneamh ar an am atá thart ar dhóigh phoiblí, mar phobal. Chomh maith leis sin, is dóigh é leis an am i láthair agus an am atá romhainn a athrú, má dhéantar an dearcadh atá ag daoine ar an am ata thart a athrú. Agus muid ag déanamh cuimhneacháin ar eachtraí go poiblí, thig linn scéalta úra a dhéanamh agus féiniúlachtaí nua a mholadh.




Múrphictiúr i mBéal Feirste tiomnaithe d'Éirí Amach na Cásca

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

## DEARCHTAÍ AR AN ÉIRÍ AMACH A ATHRÚ

Bhí Éirí Amach na Cásca, mar fhíor-eachtra stairiúil, i bhfad ní ba chasta ná miotas Éirí Amach na Cásca a fréamhaíodh le céad bliain anuas. Leis an fhírinne a dhéanamh, bheadh sé an-deacair a rá roimh ré cén deireadh a bheadh leis an Éirí Amach.

**BA AR SON SHAOIRSE NA hÉIREANN A BHÍ A LÁN NÁISIÚNAITHE SAN ÉIRÍ AMACH AG TROID - NÍ AR SON POBLACHT ÉIREANNACH**

**BHÍ EASPA TACAÍOCHTA DON PHOBLACHTACHAS I MEASC AN PHOBAIL ROIMH AN ÉIRÍ AMACH**

**I nDIAIDH SHEACHTAIN NA CÁSCA, D'ATHRAIGH DEARCADH AN PHOBAIL I LEITH NA REILBILIÚNACH AGUS TUGADH BÁ AGUS TACAÍOCHT DÓIBH**

**SNA BLIANTA ROIMH AN ÉIRÍ AMACH, NÍOR BHREATHNAIGH MÓRCHUID NA nDAOINE IN ÉIRINN ORTHU FÉIN MAR PHOBLACHTAIGH**

**BA IAD NA TIONCHAIR BA MHÓ A BHÍ AR A LÁN DE NA REIBILIÚNAIGH NÁ NÁISIÚNACHAS CULTÚRTHA, CAITLICEACHAS AGUS MÍLEATACHAS - NÍ POBLACHTACHAS**

**BA É AN tATHRÚ BA MHÓ IN ÉIRINN MAR GHEALL AR AN ÉIRÍ AMACH NÁ TEACHT CHUN CINN AN PHOBLACHTACHAIS ARMTHA**

Agus cuimhneachán á dhéanamh ar an Éirí Amach, is gá tabhairt san áireamh nach raibh aisling aonair den am a bhí le teacht ag muintir na hÉireann ná ag na reibiliúnaigh féin.

Na focail chothromaíocha (comhionannais) de chuid na reibiliúnach, mar atá i bhForógra na Cásca, bhí siad ag teacht salach ar an choimeádachas shóisialta (dearcadh traidisiúnta ar an tsochaí) a bhí ag a lán náisiúnaithe Caitliceacha a bhí ag tacú leis an streachailt armtha.

Bhí an Phoblacht Éireannach a tháinig chun cinn de bharr eachtraí 1916 faoi smacht ag na fir, bhí tionchar láidir ag an Eaglais Chaitliceach uirthi agus bhí sí coimeádach ó thaobh geilleagair agus cúrsaí sóisialta de. Is féidir na heasaontuithe seo a fheiceáil sa chuimhneachán. Mar shampla, cé go ndearna an Stát Éireannach cuimhneachán ar Shéamas Ó Conghaile mar laoch i ndiaidh 1916, níor cuireadh a smaointe radacacha i bhfeidhm.

**>>>TAIGHDE**

**Cad é mar a chruthaigh an Cogadh Mór na tosca don Éirí Amach in Éirinn?**

Mar fhocal scoir, ní mór cuimhneachán a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca i gcomhthéacs eachtraí eile, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Thar rud ar bith eile, chuaigh an Cogadh Mór i bhfeidhm go suntasach ar na rudaí a tharla in Éirinn. Chuaigh an Cogadh Mór i bhfeidhm ar eachtraí i gCúige Uladh fosta, mar ar chuir íobairt na ndaoine a maraíodh i gCath an Somme, mar shampla, le féiniúlacht Bhriotanach agus le míleatachas Aontachtaithe Uladh.

Bhí tionchar ag an Éirí Amach ar an dóigh ar cuimhníodh ar an Chogadh Mhór fosta. I ndiaidh dóibh troid sa Chogadh Mhór, tháinig a lán náisiúnaithe Éireannacha ar ais chuig Éirinn poblachtach a bhí iomlán difriúil, áit nár tugadh onóir don pháirt a bhí acu sa chogadh ná nach ndearnadh cuimhneachán ar a gcomrádaithe a fuair bás.



teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories




**Pláta cuimhneacháin i bPríosún Chill Mhaighneann a dhéanann cuimhneachán ar cheannairí an Éirí Amach a cuireadh chun báis.**

**2.))) PLÉ**

**Cad é mar a chuaigh na 'Trioblóidí' i bhfeidhm ar an dóigh a ndearnadh cuimhneachán oifigiúil ar an Éirí Amach in Éirinn?**

## AN DÓIGH AR CUIMHNÍODH AR AN ÉIRÍ AMACH

Tá cuimhneachán oifigiúil ann – na cuimhneacháin agus na himeachtaí a eagraíonn an stát – agus tá cuimhneachán neamhoifigiúil ann – iad siúd a eagraíonn grúpaí eile. In Éirinn, d'athraigh cuimhneachán oifigiúil an Éirí Amach le céad bliain anuas. Léiríonn seo an dóigh a mbíonn an dearcadh ar eachtraí san am atá thart ag athrú san am i láthair.

Faoin chéad chuimhneachán ar an Éirí Amach, bhí meon an phobail anois i bhfách le poblachtachas míleata. Bhain Sinn Féin tairbhe as an athrú ar shiúl ó Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, agus bhí siad ábalta 70% de na suíocháin Éireannacha a bhí ar fáil ag Westminster a bhaint in Olltoghchán 1918. Dhiúltaigh Feisirí tofa Sinn Féin a suíocháin a ghlacadh, agus ina áit sin bhunaigh siad tionól Éireannach – Dáil Éireann – agus d'fhógair siad bunú Phoblacht na hÉireann. Ó 1919 go 1923, bhí Éire i mbun cogaidh: ar dtús, Cogadh na Saoirse (1919-1921) agus ansin an Cogadh Cathartha (1922-1923).

Ba é buaicphointe chuimhneacháin Éirí Amach na Cásca ná 1966, ar an chuimhneachán 50 bliain, ach ina dhiaidh seo, tháinig athrú mór ar nádúr chuimhneacháin Éirí Amach na Cásca. Ag deireadh na 1960í, thosaigh na Trioblóidí i dTuaisceart Éireann, rud a d'fhág cuimhneacháin ar an phoblachtachas armtha níos conspóidí. Chomh maith leis seo, bhí staraithe ag tosú ar athmhachnamh a dhéanamh ar mhiotais 1916 agus léirigh siadsan go raibh oidhreacht Éirí Amach na Cásca níos casta ná mar a chreid bunús na náisiúnaithe. Mar shampla, cad é mar a thiocfadh leis an Stát ceiliúradh a dhéanamh ar ghníomhartha Reibiliúnaigh na Cásca a d'úsáid foréigean le hÉirinn a shaoradh, agus ag an am chéanna na Sealadaigh a cháineadh as an rud chéanna a dhéanamh?

Le linn na tréimhse 1966-2005, ba mhinic a bhí conspóid ann faoi thábhacht agus faoi shiombalacha an Éirí Amach, agus daoine sa Phoblacht agus sa Tuaisceart ag fiosrú an 'dóigh cheart' le cuimhneamh ar eachtraí a raibh cuma ní ba chonspóidí orthu sna tosca a bhí anois i réim.



**An Gairdín Cuimhneacháin a osclaíodh in 1966 i mBaile Átha Cliath le cuimhneamh orthu siúd uilig "a thug a n-anam ar son Shaoirse na hÉireann"**

### CINEÁLACHA CUIMHNEACHÁIN

- Seirbhísí Reiligiúnacha
- Drámaí
- Dánta
- Cuimhneacháin agus Gairdíní Cuimhneacháin
- Scannáin
- Amhráin
- Múrphictiúir
- Óráidí agus Léamha
- Dealbha
- Cártaí Aifrinn agus Cártaí Poist
- Paráidí

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

## AN 1Ú CHUIMHNEACHÁN OIFIGIÚIL

Tharla seo in 1924 agus searmanas beag a bhí ann ag Teach Pobail an Gharastúin i gCnoc an Arbhair i mBaile Átha Cliath. Mar gheall ar na teannais a bhí go fóill ann i ndiaidh an Chogaidh Chathartha, fágadh cuid acu siúd a bhí páirteach san Éirí Amach ar lár ó liosta na n-aíonna, agus dhiúltaigh daoine eile teacht.

## AN 19Ú CUIMHNEACHÁN

Comóradh an cuimhneachán seo i mBaile Átha Cliath le paráid mhór mhíleata, Aifreann poiblí, agus nochtadh dealbh chré-umha de Chú Chulainn sa GPO. Ba é Éamon de Valera an Taoiseach agus ba iad a pháirtí Fianna Fáil a bhí i gcumhacht. Bhí De Valera féin páirteach san Éirí Amach agus bhain sé feidhm as an chuimhneachán mar dheis le Fianna Fáil a nascadh in intinn an phobail le miotas rómánsach an Éirí Amach.

## AN 20Ú CUIMHNEACHÁN

Comóradh go hoifigiúil é le mórshiúlta míleata ní hamháin i mBaile Átha Cliath ach i mbailte ar fud na hÉireann, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Leitir Ceanainn, Áth Luain, Ceatharlach agus Dún Dealgán ina measc.

## 25Ú CUIMHNEACHÁN, 'IUBHAILE AIRGID'

Bhí an chuimhne ar 1916 níos casta mar gheall ar an mhéadú ar theannas sa Tuaisceart. Bhí an cuimhneachán oifigiúil in Éirinn níos lú ná mar a bhí beartaithe ar dtús mar gheall ar thús an Dara Cogadh Domhanda agus pholasaí neodrachta na hÉireann. Tharla roinnt imeachtaí, áfach, lena n-áirítear seirbhísí reiligiúnacha, seirbhís chuimhneacháin cois uaighe do na ceannairí a cuireadh chun báis, bronnadh bonn i searmanas bronnta, damhsa céilí urraithe ag an Stát, taispeántas ag an Mhúsaem Náisiúnta, agus eisiúint stampa cuimhneacháin.

## 50Ú CUIMHNEACHÁN, 'IUBHAILE ÓRGA'

In 1966, tharla an cuimhneachán ba mhó agus ba dhrámata ar an Éirí Amach. Bhí sé de rún ag ceannairí an Stáit go bhfeidhmeodh an Iubhaile Órga mar dhroichead siombalach idir an t-am a bhí thart agus Poblacht na hÉireann nua-aimseartha mar a bhí anois ann, agus chuir siad an tÉirí Amach chun cinn mar bhua caithréimeach tírghrách do mhuintir na hÉireann. Bhí an bhéim sa chuimhneachán oifigiúil ar an nua-aoisiú agus ar an ghlúin óg. Bhí mórshiúl ollmhór i mBaile Átha Cliath, ar ar fhreastail beagnach 200,000 duine, agus searmanas ina dhiaidh sin inar leagadh bláthfhleasc ag Príosún Chill Mhaighneann (bhí athchóiriú á dhéanamh ar an phríosún féin in ómós do na reibiliúnaigh). Osclaíodh an Gairdín Cuimhneacháin i mBaile Átha Cliath. Rinne cláir theilifíse (ar nós an dráma Insurrection ar RTÉ) agus drámaí athachtú ar eachtraí 1916. Cruthaíodh earraí cuimhneacháin (amhail stampaí, boinn agus suaitheantais) agus díoladh iad. Bhí taispeántas ag an Mhúsaem Náisiúnta, agus tóstal oidhreachta ag Páirc an Chrócaigh, 'Aiséirí: Tóstal na Cásca', a d'inis eachtraí an Éirí Amach ar dhóigh mhórthaibhseach.

## 75Ú CUIMHNEACHÁN

Mar gheall ar thionchar na dTrioblóidí, ní raibh i gcuimhneachán an Éirí Amach ach searmanas simplí taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist, inar léadh Forógra na Cásca agus inar ardaíodh bratach na hÉireann. Ní raibh ach tuairim is 600 duine i láthair. Cé go raibh an ghníomhaíocht oifigiúil chuimhneacháin ciúin, rinne ealaíontóirí agus scríbhneoirí cuimhneachán níos feiceálaí ar an Éirí Amach go neamhoifigiúil. Sa Tuaisceart, rinne Sinn Féin agus na Sealadaigh é a chomóradh le searmanais agus mórshiúlta.

## 90Ú CUIMHNEACHÁN

Faoi 2006, bhí meon an phobail sa Phoblacht agus sa Tuaisceart i bhfad níos dearfaí. Bhí borradh faoin gheilleagar, agus bhí dóchas i réim i ndiaidh don IRA díchoimisiúnú a dhéanamh in 2005. Bhreathnaigh Bertie Ahern, an Taoiseach, ar chuimhneachán an Éirí Amach mar dheis le heachtraí na staire a chur chun cinn ar dhóigh dhearfach fhorásach arís, agus le béim a chur ar an iolrachas, ar an chuimsitheacht agus ar an dóchas san am atá le teacht. Ach cáineadh é as an eachtra a úsáid le tacaíocht d'Fhianna Fáil a mhéadú. Is fíor, cinnte, go mbaineann a lán páirtithe polaitíochta reatha úsáid as cuimhneachán ar mhaithe lena gcuspóirí polaitiúla féin.

## CEISTEANNA

**1.** Cad é a chiallaíonn an focal "Cuimhneachán"? An ritheann sampla ar bith leat de chuimhneachán a tharla ar na mallaibh?

**2.** Luaigh 3 chineál de chuimhneacháin. Tabhair sampla a chonaic tú de gach ceann acu in úsáid.

**3.** Cad chuige a raibh an cuimhneachán oifigiúil níos lú ná mar a pleanáladh ar 25ú Cuimhneachán an Éirí Amach?

**4.** Pléigh an dóigh a ndearnadh cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca le céad bliain anuas, agus an dóigh ar athraigh an cuimhneachán.

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 1:

An ritheann fáthanna ar bith leat a mbeadh conspóid ag baint le cuimhneachán a dhéanamh ar ócáidí mar Éirí Amach na Cásca?

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 2

Smaoinigh ar eachtra nó ar dhuine a ndéantar cuimhneachán air i do theach féin (seans gur eachtra poiblí atá ann nó duine ón stair, nó eachtra teaghlaigh nó duine muinteartha). Cad é mar a chuimhnítear ar an eachtra nó ar an duine sin? An úsáidtear searmanais, íomhánna nó réada ar bith le cuidiú le cuimhneamh an teaghlaigh? (1 pharagraf)

## TASC 1

**Tá 100ú cuimhneachán Éirí Amach na Cásca ann in 2016. Amharc ar an cheiliúradh a bhí ann don 50ú, 75ú agus 90ú bliain, agus cuir san áireamh staid reatha na polaitíochta. Cad é mar a dhéanfar ceiliúradh ar an Éirí Amach ó thuaidh agus ó dheas, dar leat? Ainmnigh pobail, páirtithe polaitíochta, polaiteoirí agus daoine a mheasann tú a bheidh páirteach sa cheiliúradh, nó a bheidh in éadan an cheiliúrtha.**

Déan taighde ar an 100ú cuimhneachán ar shíniú Chúnant Uladh le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh.

## TASC 2

**Déan staidéar ar an léaráid ina sonraítear cineálacha cuimhneacháin. Déan taighde agus aimsigh sampla a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca do gach cineál cuimhneacháin. Déan an tasc mar chur i láthair nó mar dhoiciméad Word agus úsáid íomhánna, físeáin, fuaim, léarscáileanna, srl....**

Do gach sampla, sonraigh cad é atá ann, cá háit a bhfuil sé, cad é an tábhacht atá leis agus aon eolas eile a shíleann tú atá ábhartha.


Ón taighde atá déanta agat, cad é an cineál cuimhneacháin is coitianta, dar leat? Cén chineál is éifeachtaí agus cuimhneachán á dhéanamh ar dhuine nó ar eachtra?

## TASC MALARTACH

- Ina bpéirí, cruthóidh daltaí dhá mheabhairmhapa a léireoidh mothúcháin dhá thaobh an phobail maidir le cuimhneacháin a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca. Cad é mar a bhíonn poblachtaigh ag déanamh cuimhneacháin ar Éirí Amach na Cásca agus cad chuige? Cad é mar a mhothaíonn aontachtaithe faoi na cuimhneacháin seo, i do bharúil?
- Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh le samplaí a fháil de chuimhneacháin ar thug a lán lán daoine tacaíocht dóibh nó a chuir olc ar a lán lán daoine.
- Déanfar na meabhairmhapaí críochnaithe a mhalartú le péire eile agus pléifear iad. Spreag na daltaí le rud ar bith a n-aontaíonn siad leis/nach n-aontaíonn siad leis a lua.


## ÁISEANNA BREISE MOLTA

1) http://www.rte.ie/archives/exhibitions/681-history-of-rte/704-rte-1960s/288127-cuimhneachain-1916-opening-ceremony/ - 50ú Cuimhneachán ar Éirí Amach na Cásca
2) http://www.theirishstory.com/2010/11/18/a-tv-pageant-%E2%80%93-the-golden-jubilee-commemorations-of-the-1916-rising/#.U_dES_ldXh4 – Iubhaile Órga ar Éirí Amach na Cásca
3) http://www.bbc.co.uk/history/british/easterrising/newspapers/index.shtml - Cartlanna Nuachtáin
4) http://www.belfasttelegraph.co.uk/debateni/blogs/declan-kearney/remembering-the-1916-easter-rising-means-discussing-the-future-30196109.html - Dearcadh poblachtaigh ar chuimhneachán ar an Éirí Amach
5) http://www.irishtimes.com/news/social-affairs/children-killed-in-1916-rising-remembered-1.1757855 - Cuimhneachán ar pháistí a maraíodh in Éirí Amach 1916
6) http://www.historyireland.com/20th-century-contemporary-history/1966-and-all-that-the-50th-anniversary-commemorations/ - 1966 agus gach ar bhain leis: an 50ú cuimhneachán
7) http://www.dailymail.co.uk/news/article-2586742/Irish-Government-invite-member-Royal-Family-centenary-celebrations-1916-Easter-Rising-against-British-Rule.html - Pleanáil don 100ú cuimhneachán
8) http://www.thejournal.ie/in-pictures-crowds-gather-to-remember-the-1916-easter-rising-410948-Apr2012/#slide-slideshow1 - Sluaite ag déanamh cuimhneacháin ar Éirí Amach na Cásca 1916 (2014)
9) http://www.theeasterrising.eu/100Postc/Postca.htm - cártaí poist a bhaineann le 1916



# TASCANNA DIGITEACHA

TASC SCANNÁN-ÓIREACHTA



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Cruthóidh daltaí gearrthóg ghairid chlosamhairc faoi rud, léiriú nó eachtra a cruthaíodh le cuimhneachán a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca.*** Aimseoidh daltaí íomhánna (agus físeáin más féidir) agus faisnéis ón idirlíon a úsáidfidh siad ina scannáin. Roghnóidh daltaí earra cuimhneacháin atá ann cheana féin ina mbaile féin más féidir agus déanfaidh siad grianghraf de (nó pictiúr de). Cruthóidh siad fuaimrian a mhíneoidh cad é atá san earra cuimhneacháin, cad iad na siombailí a úsáideann sé, cé air a ndéanann sé cuimhneachán, agus na daoine agus na rudaí a fhágann sé as an áireamh.

## PLEAN

***Gheofar faisnéis ón idirlíon agus déanfar í a dhearadh i bhfoirm scéalchláir.***

- Cuirfidh an múinteoir téarmaí cuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheofar íomhánnanna, físeáin, fuaimeanna agus faisnéis chuí ón idirlíon - iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus ar oibiachtúlacht na faisnéise a fhaigheann siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh daltaí faisnéis atá le húsáid agus sábhálfaidh siad é go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar (d'fhéadfaí gur íomhánna nó sleachta a bheadh ann, a bhí ina gcuidiú leo a scripteanna a scríobh).
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.
- Úsáidfidh daltaí an fhaisnéis agus na meáin a fhaigheann siad agus déanfaidh siad scéalchlár leis an scannán a dhéanamh.

## DÉAN


***Iompórtálfaidh na daltaí na míreanna meáin éagsúla a fhaigheann siad ar an idirlíon. Úsáidfidh na daltaí a scéalchlár mar threoir agus déanfaidh siad an scannáin leis na huirlisí éagsúla eagarthóireachta (Scoilteadh, Bearradh, Trasdulta, Maisíochtaí agus Fotheidil/Teidil). Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. WMV/MP4)) lena chríochnú.***

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, méid agus bearradh na n-íomhánna, na maisíochtaí/trasdulta a úsáidtear agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomanta ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí obair a chéile a fheiceáil. Seinn píosaí oibre roghnaithe nó lig do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an fhíschomhaid a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.



# TASCANNA DIGITEACHA

TASC EAGAR-THÓIREACHT ÍOMHÁNNA



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Cruthóidh na daltaí póstaer do scannán samhailteach faoi Éirí Amach na Cásca.*** Déanfaidh na daltaí taighde ar phóstaeir scannáin atá ann faoi láthair. Gheofar íomhánna ón idirlíon nó cruthóidh an dalta iad. Ba cheart an póstaer a chruthú i stíl fíorphóstaeir do scannán. Ba cheart sluán agus téacs a bheith ann. Iarr ar na daltaí an póstaer a chruthú i stíl atá cosúil leis na samplaí a ndearna siad taighde orthu.

## PLEAN

***Gheofar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon agus dearfar iad i bhfoirm sceitse.***

- Cuirfidh an múinteoir focail chuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna agus téacs atá fóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad. Abair leis na daltaí go bhfuil sé níos fearr íomhánna meánmhéide/móra a fháil.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí íomhánna/téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad iad go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

## DÉAN

***Iompórtálfaidh na daltaí an íomhá a fuair siad isteach sna bogearraí agus úsáidfidh siad na huirlisí datha/scagtha le héifeacht a chur leis an íomhá. Is féidir go n-úsáidfidh roinnt daltaí na huirlisí seo i gcomhar leis na huirlisí roghnúcháin le codanna den íomhá a aibhsiú. Ansin, úsáidfidh na daltaí an uirlis téacs leis an tsliocht/an fhaisnéis a fuair siad a chur isteach. Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. JPEG) lena chríochnú.***

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, na dathanna/stíl scagtha agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomanta ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.


## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí obair a chéile a fheiceáil. Is féidir seo a dhéanamh tríd an obair is fearr a chur ar taispeáint ar an chlár bhán nó is féidir le daltaí dul thart ar an tseomra.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú na híomhá a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

# TASCANNA DIGITEACHA

TASC ZEE MAPS



## CUR SÍOS AR AN TASC

**Bainfidh na daltaí úsáid as na bogearraí idirghníomhacha léarscáilíochta ZeeMaps le léarscáil a chruthú de chuimhneacháin.** Is gá cúig shuíomh ar a laghad a chur ar an léarscáil. Ba chóir físeán nó íomhá shocair a cheangal le gach pointe léarscáile, ina mbeidh siombailí nó samhlaoidí a úsáideann an ghluaiseacht.

## PLEAN

***Déanfaidh na daltaí cuntas ZeeMaps a chlárú ó: http://www.zeemaps.com/com/ (ní gá seo a dhéanamh mar ligeann ZeeMaps duit léarscáil a chruthú agus a shábháil saor in aisce). Ansin, gheobhaidh na daltaí faisnéis ón idirlíon lena húsáid ina léarscáil.***

- Cuirfidh an múinteoir téarmaí cuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad faisnéis chuí ón idirlíon - iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus ar oibiachtúlacht na faisnéise a fhaigheann siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad é go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

## DÉAN

***Logálfaidh na daltaí isteach ar a gcuntais ZeeMaps agus tosóidh siad ar a léarscáil a chruthú. Úsáidfidh na daltaí an fhaisnéis a fuair siad agus cuirfidh siad ceithre iontráil ar a laghad isteach ar an léarscáil.***

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí obair a chéile a fheiceáil. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó ligean do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an léarscáil ZeeMap a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories